| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh |
| **Cur Síos:** | Sa bheartas seo aithnítear ábhair imní agus cuirtear i bhfeidhm bearta agus tacaíochtaú, nuair is féidir chun cabhrú leis an mac léinn leanúint ar aghaidh san Institiúid. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir (Gnóthaí Acadúla) |
| **Leagan:** | 2 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# An Beartas um Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh

## 1 Comhthéacs

Is í aidhm Institiúid Oideachais Marino (MIE) ná tacaíocht a thabhairt do mhic léinn chun a gcuid staidéir a chur i gcrích. Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh go dtarlódh cásanna nuair nach mbeadh rannpháirtíocht mic léinn sa chúrsa inmharthana mar thoradh ar a n-iompraíocht nó a sláinte fhisiceach nó mheabhrach[1] nó go gcuireann a n-iompraíocht nó a sláinte isteach ar shláinte, shábháilteacht nó leas mic léinn eile sa mhéid is go meastar gur míréasúnta é, nó nuair nach féidir leanúint ar aghaidh leis an rannpháirtíocht sa socrúchán scoile nó oibre is gá.

## 2 Cuspóir

Is é príomhchuspóir an bheartais seo ná tacú le mic léinn trí ábhair imní a aithint agus bearta agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm, nuair is féidir, chun cabhrú leis an mac léinn leanúint ar aghaidh san Institiúid. Tá MIE geallta chun sláinte, leas a cuid mac léinn a chinntiú agus déileáil go comhionann leo le linn a gcuid staidéir. Tá sé sin cumhdaithe i Misean MIE agus léirithe i bPlean Straitéiseach MIE. Fianaise bhreise den ghealltanas ná líon na dtacaí ardchaighdeáin atá ar fáil go mic léinn MIE, a d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí acu anois is arís.

Dá bharr sin tá an Beartas Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh ceaptha chun tacaíocht a thairiscint do mhic léinn a mbíonn deacrachtaí acu lena riocht leighis, shíceolaíoch nó mhothúchánach, agus do phobal MIE i gcoitinne, trí na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cabhrú leis an mac léinn a leagan amach go soiléir, chomh maith leis na céimeanna ar cheart do bhaill den phobal a ghlacadh má tá imní orthu faoi leas mic léinn agus faoina gcumas leanúint ar aghaidh lena gclár céime.

Léireoidh beartais, treoirlínte agus prótacail go léir MIE, gealltanas na hInstitiúide chun comhionannas a chur chun cinn agus cloífidh siad go hiomlán le forálacha na reachtaíochta ar chomhionannas a bheidh i réim.

[1] Féach ar Bheartas Meabhairshláinte MIE

## 3 Tairbhí

Leis an mbeartas seo cuirtear nós imeachta struchtúrach agus trédhearcach ar fáil don institiúid chun freagairt do chásanna áit a bhfuil imní faoi fheidhmiúlacht mic léinn chun gabháil do shaol an choláiste. Aithnítear leis:

3.1 Leibhéil phlé leis an mbeartas;

3.2 Róil agus freagrachtaí;

3.3 Amfhrámaí; agus

3.4 Ionadaíocht mac léinn.

## 4 Raon Feidhme

4.1 Leis an mBeartas Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh seo cuirtear creat ar fáil chun freagairt d'ábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi fheidhmiúlacht mic léinn chun freastal ar an Institiúid agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a ghabhann le freastal agus na hábhair imní sin a láimhseáil. Sainítear ann na leibhéil, na róil, na freagrachtaí, na nósanna imeachta agus na hamfhrámaí a ghabhann lena fheidhmiú.

4.2 Cuimsítear gníomhaíocht acadúil mac léinn leis an téarma "Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh" ach níl sé teoranta don mhéid sin; seachas sin baineann sé le feidhmiúlacht mac léinn chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le freastal ar an institiúid agus páirt a ghlacadh inti. Tá an sainmhíniú iomlán leagtha amach i gcuid 6.1 den bheartas seo.

## 5 Prionsabail

Tá MIE geallta chun tacú le riachtanais mac léinn agus freagairt dóibh, d'fhonn taithí dhearfach a chinntiú do mhic léinn, agus deiseanna a chur chun cinn do mhic léinn chun a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh. Tá an Beartas Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh seo ceaptha le húsáid chun freagairt d'ábhair imní a thagann laistigh de chuid 4 den Bheartas seo agus iad a láimhseáil. Nuair a bhaineann ábhair imní le disciplín, míchumas nó sláinte mic léinn (meabhairshláinte san áireamh), tagraíonn an beartas seo d'ábhair a bhaineann le feidhmiúlacht chun staidéar a dhéanamh agus d'fhéadfadh go mbeadh beartais eile i bhfeidhm maidir le gnéithe

eile.[2]. Tá sé tábhachtach go ndéileálfaí go cóir le gach mac léinn agus go dtreorófaí iad chuig na tacaíochtaí cuí.[3]. Ar an gcéad dul síos, déanfar iarrachtaí chun plé leis na

[2] Féach ar Nósanna Imeachta Smachta i dtaobh Mac Léinn, an Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas an Beartas Meabhairshláinte
[3] Féach ar Bheartas Comhionannais MIE

hábhair imní trí thacaíaochtaí mar chóras na dteagascóirí[4], an tSeirbhís Chomhairleachta, an tSeirbhís Míchumais agus an Clár Meantóireachta do Shocrúchán Scoile[5]. I gcás go mbeadh imní ann fós maidir le feidhmiúlacht mic léinn chun staidéar a dhéanamh tar éis plé leis na seirbhísí sin, nó i gcás go dtarlódh eachtra amháin áit, dar leis an Duine Ábhartha[6] nach iad na seirbhísí sin is fearr gur féidir leo déileáil léi, sa mhéid is gur féidir, ba cheart an beartas seo a úsáid chun freagairt do na hábhair imní maidir le feidhmiúlacht an mhic léinn chun staidéar a dhéanamh agus iad a láimhseáil. Agus an beartas seo á chur i bhfeidhm, is é an sprioc atá i gceist ná gníomhú chun leas gach mic léinn atá i gceist agus gach ball eile den Institiúid agus a cuid páirtithe leasmhara. Beidh na cinntí ag gach céim den bheartas bunaithe ar an tuairim go bhfuil siad chun leas an mhic léinn atá i gcruachás/i bponc agus/nó pobal MIE ina iomlán agus is féidir le mic léinn achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh arna dhéanamh ag an bpainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh. Is féidir leis an mac léinn achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Beidh aon chinneadh arna dhéanamh mar chuid den bheartas seo a chur i bhfeidhm, ag brath sa deireadh ar bhaol an mhic léinn dóibh féin agus do mhic léinn eile mar go bhfuil an Institiúid geallta inti féin chun tacú lena cuid mac léinn, ball foirne agus gach tríú páirtí atá i láthair ar an gcampas agus chun iad a chosaint.

Ba cheart do [7] chinnteoir:

5.1 Machnamh a dhéanamh ar dtús faoi cibé acu an bhfuil imní agus tacaíocht níos mó chun leas mic léinn atá i gceist in áit an beartas seo a chur i bhfeidhm;

5.2 Gníomhú le híogaireacht agus tuiscint i gcás mheabhairshláinte mic léinn [7];

5.3 Aird a thabhairt ar leibhéal agus na cineálacha tacaíochta atá i bhfeidhm cheana, más ann dóibh, maidir le mic léinn faoi mhíchumas.

## 6 Sainmhínithe

6.1 An tSeirbhís Comhairleachta: Tagraíonn sé sin don tSeirbhís Comhairleachta a bhfuil comhaontú leibhéal seirbhíse ag MIE leis chun críocha seirbhísí comhairleachta a chur ar fáil le haghaidh mac léinn atá cláraithe san Institiúid. Faoi láthair tá an comhaontú sin i bhfeidhm le Seirbhís Comhairleachta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (a dtagraítear dó i ndiaidh seo mar Choláiste na Tríonóide).

[4] Féach An Beartas um Chóras na dTeagascóirí agus An Nós Imeachta um Chóras na dTeagascóirí
[5] Féach Beartas um Meantóireacht do Mhic Léinn ar Shocrúcháin Scoile
[6] Féach ar Chuid 6 le haghaidh sainmhínithe
[7] Féach ar Bheartas Meabhairshláinte MIE

6.2 An tSeirbhís Míchumais: Tagraíonn sé sin don tSeirbhís Míchumais a bhfuil comhaontú leibhéal seirbhíse ag MIE léi chun críocha tacaí míchumais a sholáthar do mhic léinn atá cláraithe leis an Institiúid. Faoi láthair tá an comhaontú sin i bhfeidhm Seirbhís Míchumais na Tríonóide.

6.3 Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh: is féidir coincheap na feidhmiúlachta chun staidéar a dhéanamh mar chumas mic léinn chun na caighdeáin mhothúchánacha, acadúla, iompraíochta, shóisialta agus leasa a chomhlíonadh atá riachtanach chun tabhairt faoi thréimhse staidéir in institiúid ardoideachais (IAO). Cuimsíonn sé sin ach níl sé teoranta do ghníomhaíocht acadúil mic léinn agus baineann sé le feidhmiúlacht mic léinn chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le freastal ar an Institiúid agus páirt a ghlacadh inti, dul ar aghaidh le cúrsa staidéir mic léinn (socrúcháin san áireamh) de réir na gcaighdeán a éilíonn an Institiúid.

6.4 Duine Ábhartha: Is é an Duine Ábhartha an duine a fhaigheann fógra scríofa ar dtús faoi imní maidir le mac léinn. Beidh an Duine Ábhartha ar na daoine seo a leanas, de réir mar is cuí: Ceannaire Cúrsa, Comhordaitheoir Cúrsa Socrúcháin/Intéirneachta, Ceann Roinne nó ball foirne Institiúide eile, áit is cuí. Níl an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtarán Oideachais agus Forbartha Straitéisí ná na Déanaí incháilithe chun bheith ina nDuine Ábhartha i gcomhthéacs an bheartais seo. Réitíonn an Duine Ábhartha cúrsaí ag Leibhéal 1 agus is féidir leo cásanna a chur ar aghaidh go Leibhéal 2.

6.5 Cinnteoir: Tagraíonn na Cinnteoirí do na Cinnteoirí chun críocha an bheartais seo. Réitíonn Cinnteoir cúrsaí ag Leibhéal 2 agus is féidir leo cásanna a chur aghaidh go Leibhéal 3. Is féidir le mac léinn cinneadh Cinnteora a chur ar aghaidh le hachomharc ag Leibhéal 3. De ghnáth, Déan a bhíonn sa Chinnteoir.

6.6 Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh: Is í an Chomhairle Acadúil a cheapann an Painéal ar Fheidhmiúlacht[8] chun Staidéar a Dhéanamh agus cuimsíonn sé an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla (Cathaoirleach), ionadaithe ar an bhfoireann acadúil, an Bord Rialaithe[9], mic léinn, agus foireann riaracháin atá déanta suas de 8 ball ar a lú agus 12 bhall ar a

[8] Féach Téarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla
[9] Féach an Cód Rialachais agus Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE

mhéid. Bunófar Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh téarma 3-bliana. Ní painéal fiosrúcháin atá anseo.

6.7 Grúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh: Cuirfear síos ar an nGrúpa Comhairleach don Chláraitheoir ar an nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh chun críocha an bheartais seo; cuirfidh sé comhairle ghairmiúil ar an Duine Ábhartha, an gCinnteoir agus ar an bPainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh. Tá a chuid Téarmaí Tagartha leagtha amach in Aguisín 2.

6.8 Litir Dheimhniúcháin (Aguisín 4): Is é atá anseo ná litir ó chleachtóir leighis neamhspleách seachtrach ina bpléitear le feidhmiúlacht mic léinn chun staidéar a dhéanamh mar atá sainithe sa chuid seo. Tugtar aghaidh inti ar aon inniúlachtaí sonracha atá riachtanach le haghaidh chúrsa staidéir agus/nó gníomhaíochtaí eile an mhic léinn. Tá teimpléad don litir seo curtha ar fáil in Aguisín 4.

6.9 An tSeirbhís Leighis: Tagraíonn sé sin don tSeirbhís Sláinte do Mhic Léinn a bhfuil comhaontú leibhéal seirbhíse i bhfeidhm ag MIE leis chun críocha seirbhísí leighis a sholáthar do mhic léinn chláraithe. Faoi láthair cuirtear an tseirbhís sin ar fáil ag Ionad Leighis Fhionnradhairc nó Fairview Medical Centre, Trá Fhionnradhairc, Baile Átha Cliath 3.

## 7 Beartas

7.1 Sa bheartas seo leagtar amach:

7.1.1 Cén chaoi a bhféadfaidh an Institiúid freagairt do chásanna ina dtarraingítear aird ar imní maidir le feidhmiúlacht mic léinn chun staidéar a dhéanamh, lena n-áirítear feidhmiúlacht fhéideartha chun staidéar a dhéanamh;

7.1.2 agus An cineál gnímh ar féidir a ghlacadh chun an t-ábhar a láimhseáil agus tacú leis an mac léinn, lena n-áirítear mic léinn i mbun socrúcháin/intéirneachta.

7.2 Cé go bhféachann an Institiúid chuig déileáil go tuisceanach le hábhair imní maidir le feidhmiúlacht mic léinn chun staidéar a dhéanamh, i gcásanna eisceachtúla d’fhéadfadh (i) go gcuirfí mac léinn ar fionraí (ii) d’fhéadfadh go gcuirfí amach as an institiúid iad.

7.3 Má tharraingíonn mac léinn siar go sealadach ó chúrsa staidéir agus/nó go dtéann siad "ó leabhair" (nó "off books" mar is fearr aithne air sa Bhéarla) agus/nó go gcuirtear ar fionraí iad, féadfaidh an Institiúid de réir mar is cuí féachaint chuig cabhrú leis an mac léinn le filleadh ar an staidéar, faoi réir cruthú don Chláraitheoir tríd an Litir Dheimhniúcháin ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh (Aguisín 4) go bhfuil siad feidhmiúil chun é sin a dhéanamh.

7.4 Tá trí leibhéal de ghníomh ag gabháil leis an mbeartas seo:

7.4.1 Leibhéal 1, áit a bhfuil **Ábhar Imní ag Forbairt nó ag Éirí Níos Doimhne** (áit a meastar nach cuí a thuilleadh gníomh neamhfhoirmiúil) agus áit a ndéantar cinntí ag Duine Ábhartha de bhun cuid 8.2 den bheartas seo;

7.4.2 Leibhéal 2, áit a bhfuil **Imní Leanúnach** áit a ndéantar cinntí ag Cinnteoir de bhun cuid 8.3 den bheartas seo; agus

7.4.3 Leibhéal 3, áit a bhfuil **Imní Bhuan agus Shuntasach**. Tá an chéim seo ceaptha chun déileáil le cásanna a mheastar/a aicmítear mar phráinneach áit nach mór don Institiúid a chinneadh an gcomhlíonann an mac léinn na critéir dóibh siúd a mheastar mar Feidhmiúil chun Staidéar a Dhéanamh. Déantar cinntí ag an leibhéal sin ag an bPainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh de bhun alt 8.4 den bheartas seo.

7.5 Ag Leibhéal 1, féadfaidh a dteagascóir ionadaíocht a dhéanamh ar mhic léinn agus tacú leo[10] ; ag Leibhéal 2 agus 3, féadfaidh a dteagascóir nó duine eile dá rogha féin ionadaíocht a dhéanamh ar mhic léinn agus tacú leo.

7.6 Le haghaidh gach Leibhéil, féadfaidh an Duine Ábhartha, Cinnteoir agus an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh, comhairle a lorg ón nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh. Ba cheart na hiarratais sin a chur faoi bhráid an Chláraitheora.

7.7 Pléifear le hábhair faoin mbeartas seo de réir na gcúinsí aonair atá i gceist. Cé go measann an Institiúid gur eisceachtaí a bheidh sna cásanna sin, forchoimeádann sí an ceart ag Leibhéal 1 agus 2 den bheartas seo an próiseas a éagsúlú a gcloíonn sé leis agus í ag plé le hábhar ar mhaith le cothroime agus/nó sláinte agus sábháilteacht[11].

7.8 Áit a measann Duine Ábhartha, Cinnteoir nó an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh go bhfuil imní agus tacaíocht níos mó chun leas mic léinn seachas leanúint ar aghaidh le hábhar de bhun an bheartais seo, ansin féadfaidh an Duine Ábhartha, an Cinnteoir, nó an Painéal (de réir mar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha) an t-ábhar a chur ar atráth.

7.9 Más cuí, má tarraingíodh aird an Chláraitheora ar ábhar, áit a n-ardaítear saincheisteanna leis an ábhar atá ábhartha do níos mó ná beartas Institiúide amháin, féadfaidh an Cláraitheoir cás faoin mbeartas seo a chur díreach faoi bhráid Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 gan é a bheith riachtanach go mbeadh leibhéal

níos luaithe tosaithe nó críochnaithe. Beidh an

[10] Féach An Beartas um Chóras na dTeagascóiríagus An Nós Imeachta um Chóras na dTeagascóirí
[11] Féach ar Bheartas Comhionannais agus Beartas Ráitis Sábháilteachta MIE

leibhéal ag a gcinneann an Cláraitheoir cás a chur ar aghaidh de réir an bheartais seo ag brath ar thosca mar nádúr na himní, tromchúise aon riosca atá i gceist, dearcadh an mhic léinn i leith a c(h)uid iompraíochta agus na himpleachtaí a ghabhann léi agus freagra an mhic léinn d'aon chéimeanna arna nglacadh ag an Institiúid chun an cás a láimhseáil. Má chuirtear cás ar aghaidh díreach go Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 de réir an bheartais seo beidh sé gan dochar don leibhéal cuí ag a bhféadfaí plé leis an gcás de réir beartais eile.

7.9.1 Ba cheart tagairt sa bheartas seo d'aon ról Institiúide ainmnithe a thuiscint mar thagairt d'ainmnithe a chuimsiú.

7.9.2 Mura gcinneann an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh a mhalairt, fanfaidh aon chinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh chuige ina aghaidh, i bhfeidhm agus an t-achomharc sin idir lámha.

7.10 Ag gach Leibhéal de na nósanna imeachta seo faoin mbeartas seo, beidh an ceart ag an mac léinn chun rochtana ar an bhfianaise nó ar an bhfianaise go léir arna breithniú ag Duine Ábhartha, Cinnteoir, nó an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh. Ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, áfach, féadfaidh Duine Ábhartha nó Cinnteoir, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, cinneadh gan an rochtain sin a thabhairt don mhac léinn áit a gcuireann gairmí leighis in iúl go mbeadh éifeacht dhiúltach ag scaoileadh na faisnéise sin ar an mac léinn nó go méadódh sé an baol do dhaoine eile. Sna cásanna sin, d'fhéadfaí an fhaisnéis a scaoileadh chuig cliniceoir ainmnithe mar GP, síciatraí nó síceolaí. Tá an chuid seo gan dochar do cheart mic léinn chun rochtain a fháil ar fhaisnéis de bhun na reachtaíochta Saoráil Faisnéise nó ceart an mhic léinn chun iarratas ar rochtain ar ábhar a dhéanamh de bhun na reachtaíochta ar Chosaint Sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí, 2018.

7.11 Mura bpléann an mac léinn leis an nós imeachta dá bhforáiltear istigh anseo, nó má dhiúltaíonn siad dó, leanfaidh an Institiúid ar aghaidh leis an nós imeachta.

7.12 Más cuí, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun déileáil le himní faoi fheidhmiúlacht chun staidéar a dhéanamh agus ar bhealach neamhfhoirmiúil sula ngairtear an Beartas ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh.

# 8 Nósanna Imeachta

## 8.1 Ginearálta

8.1.1 Pléifear le hábhair imní faoi fheidhmiúlacht mic léinn chun staidéar a dhéanamh faoin mbeartas seo.

8.1.2 Gairtear an beartas seo nuair a fhaigheann an Duine Ábhartha Nóta Imní.

8.1.3 Pléifear le cásanna Ardriosca de bhun cuid 8.5 den bheartas seo.

8.2 Leibhéal 1

8.2.1 Tabharfar fógra don mhac léinn[12] agus dá dteagascóir ag an Duine Ábhartha faoi nádúr na n-ábhar imní arna gcur in iúl.

8.2.2 Iarrfaidh an Duine Ábhartha an t-ábhar a réiteach trí phlé neamhfhoirmiúil leis an mac léinn, agus féadfaidh teagascóir an mhic léinn bheith i láthair freisin, más mian leis an mac léinn. Féadfaidh an Duine Ábhartha ionchur a lorg ón nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh trí iarratas a dhéanamh ar an gCláraitheoir. Cuimseoidh an plé neamhfhoirmiúil leis an mac léinn moladh dóibh úsáid a bhaint as seirbhísí tacaíochta/idirghabhálacha na hinstitiúide agus eile. Déanfar aon chomhréiteach oiriúnach réasúnta eile is cuí le linn an phlé seo.

8.2.3 Is é an cuspóir a bheidh i gceist leis an bplé sin ná aon fhadhbanna a réiteach trí theacht ar chomhaontú leis an mac léinn faoi bhearta comhaontaithe a chuimseoidh de ghnáth amfhráma agus tréimhse athbhreithnithe comhaontaithe. Féadfaidh an Duine Ábhartha aon bheart a ghlacadh de réir mar is cuí ar na cúinsí go léir, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

a. Socruithe tacaíochta a chur i bhfeidhm; agus/nó
b. Freastal go réasúnta ar an mac léinn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas; agus/nó
c. Ceangal ar an mac léinn litir dheimhniúcháin a sholáthar (Aguisín 4); agus/nó
d. Plean gníomhaíochta a cheapadh le toil an mhic léinn faoi bhearta comhaontaithe a chuimseoidh de ghnáth amfhráma agus tréimhse athbhreithnithe comhaontaithe; agus/nó
e. Ligean don mhac léinn leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir.

8.2.4 Tabharfaidh an Duine Ábhartha fógra i scríobh don mhac [12] léinn agus dá dteagascóir laistigh de dheich lá ón gcinneadh a dhéanamh.

[12] Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

8.3 Leibhéal 2

8.3.1 Gairfear Leibhéal 2 den nós imeachta áit ar na cúinsí seo a leanas:

a. Áit nach féidir teacht ar chomhaontú/réiteach ag Leibhéal 1; agus/nó
b. Má dhiúltaíonn an mac léinn do nó mura bpléann siad le nós imeachta Leibhéal 1; agus/nó
c. Má dhiúltaíonn an mac léinn do agus/nó mura ngabhann siad do na bearta comhaontaithe faoi nós imeachta Leibhéal 1; agus/nó
d. Má tá imní fós ar an Duine Ábhartha; agus/nó
e. Má tá sé níos oiriúnaí sna cúinsí seo; agus/nó
f. Más mian leis an mac léinn achomharc a dhéanamh i gcoinne an toraidh ar nós imeachta Leibhéal 1.

8.3.2 I gceann ar bith de na cúinsí atá leagtha amach i gcuid 8.3.1., déanfaidh an Duine Ábhartha an cheist a chur faoi bhráid an Chinnteora go foirmiúil, agus cuirfidh an Duine Ábhartha in iúl i scríobh don mhac léinn[14] agus dá dteagascóir go bhfuil an t-ábhar á chur ar aghaidh go Leibhéal 2.

8.3.3 Déanfaidh an Cinnteoir an fhaisnéis agus na cáipéisí ábhartha go léir a bhreithniú, a chuimseoidh ionchur ón mac léinn (más ann dó) agus a fhéadann ionchur a chuimsiú ón nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh. I gcás gur mian leis an mac léinn aighneacht bhéil a dhéanamh féadfaidh siad sin a dhéanamh ach ní mór[13] go mbeadh a dteagascóir in éineacht leo nó ball de na seirbhísí mac léinn a bhfuil rochtain á fáil ag an mac léinn orthu. Beidh foireann tacaíochta riaracháin i láthair freisin. Ní mór go mbeadh an mac léinn ar fáil chun freastal ar an gcruinniú seo a tharlóidh laistigh d’amfhráma réasúnta. Mura bhfreastalaíonn an mac léinn ar an gcruinniú, rachaidh an próiseas ar aghaidh gan iad a bheith i láthair.

8.3.4 Faoi réir na faisnéise ábhartha go léir a bheith ar fáil, ní mór don Chinnteoir cinneadh a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnta ón uair a fuair siad an t-atreorú ón Duine Ábhartha.

8.3.5 Tabharfar fógra i scríbhinn [13] don mhac léinn agus dá dteagascóir faoi na bearta comhaontaithe ag an gCinnteoir laistigh de dheich lá ón gcinneadh a dhéanamh.

[13] Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

8.3.6 Féadfaidh an Cinnteoir aon bheart a ghlacadh de réir mar is cuí ar na cúinsí go léir, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

[14] Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

a. Socruithe tacaíochta a chur i bhfeidhm; agus/nó

b. Freastal go réasúnta ar an mac léinn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas; agus/nó

c. Ceangal ar an mac léinn litir dheimhniúcháin a sholáthar (Aguisín 4); agus/nó

d. Plean gníomhaíochta a cheapadh le toil an mhic léinn maidir le bearta comhaontaithe ar gnách go gcuimseoidh siad amfhráma agus tréimhse athbhreithnithe comhaontaithe; agus/nó

e. Ligean don mhac léinn leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir.

8.3.7 Áit gur chomhlíon an mac léinn an ceanglas chun litir dheimhniúcháin a chur isteach (Aguisín 4) ach go bhfuil imní mhór fós ar an gCinnteoir nach maolaítear ag an litir dheimhniúcháin (Aguisín 4), rachaidh an Cinnteoir i gcomhairle le Stiúrthóir na Seirbhíse Leighis agus/nó na Seirbhíse Comhairleachta do Mhic Léinn chun a gcomhairle ghairmiúil a lorg agus féadfaidh siad:

a. Ceadú don mhac léinn leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir; agus/nó

b. Measúnú breise a lorg agus/nó

c. Na coinníollacha sin a chur i bhfeidhm ar iontráil, athiontráil nó chóiríocht, de réir a mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, de réir mar is cuí de réir na gcúinsí seo; agus/nó

d. Cinneadh an mac léinn a chur ar fionraí nó leanúint ar aghaidh le fionraí, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh; agus/nó

e. An t-ábhar a chur ar aghaidh go Leibhéal 3 den Nós Imeachta Foirmiúil.

8.3.8 Má athraíonn stádas mic léinn i MIE le linn nósanna imeachta Leibhéal 2 nó mar thoradh ar nós imeachta Leibhéal 2, tabharfar fógra d'Oifig an Chláraitheora.

8.4 Leibhéal 3

8.4.1 Gairfear Leibhéal 3 den nós imeachta ar na cúinsí áit

a. Nach féidir teacht ar chomhaontú/réiteach ag Leibhéal 2; agus/nó

b. Má dhiúltaíonn an mac léinn do agus/nó mura ndéanann siad plé le Leibhéal 2; agus/nó

c. Má dhiúltaíonn an mac léinn do/agus nó mura ndéanann siad plé le bearta

comhaontaithe Leibhéal 2; agus/nó

d. Má tá imní fós ar an gCinnteoir agus/nó

e. Má tá sé níos oiriúnaí de réir na gcúinsí seo; agus/nó

f. Más mian leis an mac léinn ionadaíochtaí a dhéanamh i leith chinneadh an Chinnteora.

8.4.2 I gceann ar bith de na cúinsí atá leagtha amach i gcuid 8.4.1., déanfaidh an Cinnteoir an cheist a chur faoi bhráid an Phainéil ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh, agus cuirfidh an Cinnteoir in iúl i scríbhinn don mhac léinn agus dá dteagascóir go bhfuil an t-ábhar á chur ar aghaidh go Leibhéal 3.

8.4.3 Cuimsíonn an Leibhéal 3 atreorú chuig an bPainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh. Féadfaidh na baill foirne seo a leanas atreorú a dhéanamh bunaithe ar chúinsí an cháis sonraigh mar seo a leanas;

| **Fáth le hAtreorú** | **Cás curtha faoi bhráid Leibhéal 3 ag** |
|---|---|
| 1. Nach féidir teacht ar chomhaontú/réiteach ag Leibhéal 1 | An Duine Ábhartha |
| 2. Má dhiúltaíonn an mac léinn do agus/nó mura ndéanann siad plé le Leibhéal 2 | An Cinnteoir |
| 3. Má dhiúltaíonn an mac léinn do/agus nó mura ndéanann siad plé le bearta comhaontaithe ag Leibhéal 2 | An Cinnteoir |
| 4. Má tá imní fós ar an gCinnteoir | An Cinnteoir |
| 5. Má tá sé níos oiriúnaí de réir na gcúinsí seo | An Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla |
| 6. Más mian leis an mac léinn ionadaíochtaí a dhéanamh i leith chinneadh an Chinnteora | An Mac Léinn |

8.4.4 Déanfaidh an Mac Léinn cinneadh laistigh d'amfhráma reásúnta ón gcás a bheith atreoraithe chuige.

8.4.5 Déanfaidh an Cinnteoir an fhaisnéis agus na cáipéisí ábhartha go léir a bhreithniú, a fhéadann a chuimsiú, inter alia, ionchur ón nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh agus a chuimseoidh ionchur ón mac léinn (más ann dó). Ní mór do mhic léinn iad féin a chur ar fáil le haghaidh éisteachtaí a bhaineann leo; tarlóidh na héisteachtaí laistigh den amfhráma forordaithe. Mura bhfreastalaíonn mic léinn ar an gcruinniú, rachaidh an próiseas ar aghaidh gan iad a bheith i láthair. Féadfaidh an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh ionchur a iarraidh ó cibé daoine a mheasann sé a bheith riachtanach chun

fíricí gach cáis a dheimhniú agus a bhreithniú.

8.4.6 Féadfaidh an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh cibé beart a ghlacadh de réir mar is cuí ar na cúinsí go léir, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

a. Ceadú don mhac léinn leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir; agus/nó
b. Socruithe tacaíochta a chur i bhfeidhm; agus/nó
c. Freastal go réasúnta ar an mac léinn i gcomhréir leis an g[Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas]; agus/nó
d. Ceangal ar an mac léinn litir dheimhniúcháin a sholáthar (Aguisín 4); agus/nó
e. Plean gníomhaíochta a cheapadh a chuimseoidh de ghnáth amfhráma agus tréimhse athbhreithnithe; agus/nó
f. Pionós a ghearradh ar an mac léinn. Féadfaidh an pionós cur amach as an institiúid a chuimsiú.

8.4.7 Tabharfar fógra i scríbhinn don mhac léinn agus dá dteagascóir faoi chinneadh an Phainéil ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh laistigh de dheich lá ón gcinneadh a dhéanamh.

8.4.8 Cuirfear Cinneadh an Phainéil ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh in iúl[14] don Chomhairle Acadúil ar bhonn gan ainm le sonrú agus le faomhadh.

8.4.9 Is féidir achomharc a dhéanamh[14] i gcoinne chinneadh na Comhairle Acadúla don Bhord Rialaithe[15]

8.4.10 Áit gur chomhlíon an mac léinn an ceanglas chun litir dheimhniúcháin a chur isteach (Aguisín 4) ach go bhfuil imní mhór fós ar an bPainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh nach maolaítear ag an litir dheimhniúcháin (Aguisín 4), rachaidh an Cinnteoir i gcomhairle le Stiúrthóir na Seirbhíse Sláinte agus/nó na Seirbhíse Comhairleachta do Mhic Léinn chun a gcomhairle a lorg agus féadfaidh siad ansin:

a. Ceadú don mhac léinn leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir; agus/nó
b. Measúnú breise a lorg agus/nó
c. Na coinníollacha sin a chur i bhfeidhm ar iontráil, athiontráil nó chóiríocht, de réir a mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, de réir mar is cuí faoi na cúinsí seo; agus/nó
d. Cinneadh an mac léinn a chur ar fionraí nó leanúint ar aghaidh le fionraí, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh; agus/nó éisteacht eile a reáchtáil chun pionós a ghearradh ar an mac léinn. Féadfaidh an pionós cur amach as an institiúid a chuimsiú.

[14] Féach ar Théarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla
[15] Féach an Cód Rialachais agus Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE

8.4.11 Áit a ndiúltaíonn an mac léinn do agus/nó mura ndéanann siad plé leis na bearta comhaontaithe faoi nósanna imeachta Leibhéal 3, agus/nó go bhfuil imní fós ar an bPainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh, ansin féadfaidh an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh

a. Éisteacht eile a reáchtáil chun pionós a ghearradh ar an mac léinn agus féadfaidh an pionós sin cur amach as an institiúid a chuimsiú.
b. An t-ábhar a chur faoi bhráid an Uachtaráin.

8.4.12 Má athraíonn stádas mic léinn san Institiúid le linn nósanna imeachta Leibhéal 3 nó mar thoradh ar nós imeachta Leibhéal 3, tabharfar fógra d'Oifig an Chláraitheora.

8.5 Cásanna Ardriosca

8.5.1 Tá feidhm ag an gcuid seo áit a bhfuil imní ar Dhuine Ábhartha nó Chinnteoir faoi staid meabhairshláinte mic léinn[16], agus go háirithe áit a bhfuil imní orthu gur baol mór dá sláinte, sábháilteacht agus/nó leas féin nó leas daoine eile atá i gceist leis an mac léinn.

8.5.2 Áit a bhfuil feidhm ag fo-alt 8.5.1, féadfaidh an Duine Ábhartha nó an Cinnteoir (de réir mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh) an t-ábhar a chur faoi bhráid an Uachtaráin.

8.5.3 Áit a bhfuil feidhm ag fo-alt 8.5.1, measann an Duine Ábhartha nó an Cinnteoir gur cheart déileáil leis an ábhar de bhun an bheartais seo, cuirfidh an Duine Ábhartha nó an Cinnteoir (de réir mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh) an t-ábhar a chur faoi bhráid an Chláraitheora.

8.6 Feidhmiúlacht chun Filleadh ar an Staidéar

Is féidir le mac léinn ar bith a ghlacann Cead Neamhláithreachta nó a tharraingíonn siar iarratas a dhéanamh ar athiontráil trí na gnáthchainéil, i.e. trí Oifig an Chláraitheora. Féadfaidh MIE ceangal ar mhic léinn atá ag filleadh freastal ar scrúdú leighis le cleachtóir leighis de rogha na hInstitiúide agus ní bheidh cead acu filleadh go gcuirfidh siad tuairisc ar fáil ón gcleachtóir leighis sainithe sin a léiríonn go bhfuil an mac léinn feidhmiúil chun filleadh. Féadfar mac léinn atá ag lorg athiontrála a atreorú chuig gairmí cúram sláinte ábhartha agus Dochtúir Gairme Leighis, Síciatraí Comhairleach agus/nó Síceolaí Comhairleach san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh siúd. Is é an fáth leis sin ná cinntiú go bhféadann an mac léinn na ceanglais

mhothúchánacha, shóisialta, leasa agus acadúla a chomhlíonadh (lena n-áirítear

[16] Féach ar Bheartas Meabhairshláinte

socrúchán scoile, socrúchán i suíomh luathóige, nó intéirneacht atá riachtanach chun tabhairt faoin staidéar acadúil ag MIE. Iarrtar ort a thabhairt faoi deara go mbítear ag súil go bhfreastalóidh mac léinn atá ag iarraidh filleadh ar an staidéar freastal ar a gcomhairliúchán leighis sin de réir mar is gá agus ní mór dóibh comhoibriú leis an gCleachtóir Leighis chun tuairisc leighis a sholáthar don Institiúid, a dheimhníonn go bhfuil an mac léinn feidhmiúil ó thaobh a sláinte chun tosú ar an staidéar arís.

8.7 Ábhar Machnaimh Eile

Más cosúil go bhfuil airíonna mic léinn níos tromchúisí agus go bhfuil gá le gníomh níos práinní ag an gcruinniú tosaigh sin nó ag cruinniú ar bith idir na páirtithe tar éis sin, mar shampla má tá an mac léinn ag bagairt féinmharaithe, má tá siad corraithe agus/no an-ionsaitheach agus má tá imní faoi leith ar an mball foirne faoi shábháilteacht an mhic léinn nó faoi shábháilteacht páirtithe eile ansin is féidir an cás a chur ar aghaidh go céim a dó nó a trí den nós imeachta seo nó díreach chuig na nósanna imeachta sa Bheartas Meabhairshláinte nó Nósanna Imeachta Smachta i dtaobh Mac Léinn..

## 9 Freagracht

Is iad an Cláraitheoir & an Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla atá freagrach as an mbeartas seo a fheidhmiú agus a athbhreithniú.

## 10 Cáipéisí Gaolmhara

10.1 Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá Faoi Mhíchumas

10.2 Leithdháileadh Mac Léinn chun Críocha Socrúchán Scoile

10.3 Beartas Meantóireachta do Mhic Léinn ar Shocrúchán Scoile

10.4 Beartas Chomhairle Idirchaidrimh na Foirne-na Mac Léinn

10.5 Beartas Chóras na dTeagascóirí

10.6 Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

10.7 Nósanna Imeachta Disciplín i ndáil le Mic Léinn

10.8 Beartas Meabhairshláinte

10.9 Beartas Comhionannais MIE

10.10 Téarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla

10.11 Cód Rialachais

10.12 Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Bhord Rialaithe MIE

## Aguisín 1

Ba cheart na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis an mbeartas seo.

i. Is é an Bord Rialaithe, de réir comhairle ón bhFoireann Cheannaireachta, a dhéanfaidh rialacháin maidir le hiompraíocht agus acmhainn mac léinn, agus ábhair ghaolmhara; agus

ii. D'fhéadfadh go n-ardófaí saincheisteanna pearsanta íogaire le cásanna de dhroch-mheabhairshláinte mic léinn agus iarrfar comhairle Sheirbhís Míchumais na Tríonóide agus/nó Seirbhís Comhairleachta na Tríonóide sna cásanna sin.

iii. D'fhéadfadh go n-áireofaí ceisteanna leighis íogaire le cásanna d'fheidhmiúlacht mac léinn chun staidéar a dhéanamh san Institiúid agus iarrfar comhairle Sheirbhís Sláinte Mac Léinn MIE sna cásanna sin.

## Aguisín 2

Téarmaí Tagartha don Ghrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh

i. Cuireann an Grúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh comhairle ar an gCláraitheoir, ar Dhuine Ábhartha, ar Chinnteoir agus an Coiste ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh i dtaobh feidhmiúlacht mic léinn chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le freastal ar an institiúid, agus/nó imní faoi acmhainn mic léinn, agus/nó imní faoi shláinte fhisiceach/mheabhairshláinte mic léinn[17]. Déanann an Grúpa na moltaí agus aird chuí tugtha ar riachtanais chúrsa staidéir an mhic léinn.

ii. Beidh an Grúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh déanta suas de 3-5 ball, a mbeidh siad go léir ina mbaill den Chomhairle Acadúil 18. Féadfaidh an Grúpa saineolas seachtrach sna réimsí leigheas, comhairleacht, míchumas, dlí, slándáil etc. a lorg, de réir mar is gá chun comhairle oiriúnach a thabhairt.

iii. Tionólfar cruinnithe an Ghrúpa de réir mar a éileoidh an Cláraitheoir mar fhreagra ar iarratais ó Dhuine Ábhartha, Cinnteoir, agus/nó an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh. Ba cheart na hiarratais sin a chur faoi bhráid an Chláraitheora.

iv. Coimeádfar taifead de gach moladh agus é déanta suas de:

   a. Dáta an chruinnithe
   b. Lucht freastail
   c. Ábhar an chruinnithe
   d. Moltaí agus na fáthanna leo

v. Ní chuirfear moltaí an Ghrúpa in iúl ach don Duine Ábhartha, don Chinnteoir nó don Phainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh a d'iarr comhairle an Ghrúpa.

vi. Is í an reachtaíocht ar Chosaint Sonraí a rialaíonn plé agus cinntí an Ghrúpa. Coimeádfar rúndacht na mac léinn sin atá ag freastal ar Sheirbhísí Mac Léinn.

vii. Má tá comhairle an Ghrúpa Chomhairligh ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh cuirfidh an Duine Ábhartha, an Cinnteoir agus an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh an mac léinn ar an eolas faoi. Is gnách go n-iarrfaidh an Grúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh ionchur ó mhac léinn agus/nó a n-ionadaí ach amháin má mheastar go bhféadfadh

go mbeadh an mac léinn nó daoine eile i mbaol.

[17] Féach ar Bheartas Meabhairshláinte

[18] FéachTéarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla

## Aguisín 3

**Treoirlínte ar Úsáid a bhaint as an mBeartas a**

**Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh**

**Cúlra**

Tá na treoirlínte sin le húsáid, i dteannta leis an mBeartas ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh, chun cabhrú le baill foirne an beartas agus an chaoi a n-úsáidtear é a thuiscint.

Leis an mBeartas Feidhmiúlacht chun Staidéir seo cuirtear creat ar fáil chun freagairt d'ábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi fheidhmiúlacht mic léinn chun freastal ar an Institiúid agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a ghabhann le freastal agus na hábhair imní sin a láimhseáil. Dá réir sin níl an téarma "Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh" srianta do ghníomhaíocht acadúil ach seachas sin baineann sé le cumas mic léinn feidhmiú i dtimpeallacht an choláiste.

Is é an príomhchuspóir atá i gceist leis ná tacú le mic léinn trí ábhair imní a aithint agus bearta agus tacaí a chur i bhfeidhm, nuair is féidir, chun cabhrú leis an mac léinn leanúint ar aghaidh san Institiúid.

Ag gach Leibhéal, rachfar i gcomhairle leis an mac léinn agus is féidir lena dteagascóir tacú leo [19], Seirbhís Comhairleachta Mac Léinn nó Seirbhís Sláinte Mac Léinn MIE.

Tá an beartas seo ceaptha chun na leibhéil éagsúla de ghníomhaíocht a chur in iúl go soiléir do mhic léinn, cé hiad na daoine a dhéanann cinntí ar gach leibhéal, cén t-eolas a mheastar, cad iad na torthaí féideartha, agus an t-amfhráma a dtagtar ar chinntí laistigh de. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfeidhmíonn an beartas seo i dteannta le sraitheanna eile de rialacha, de bheartais agus de thacaí Institiúide mar iad siúd a bhaineann le míchumas, le meabhairshláinte agus comhairleacht[20].

**Cé Leis a nDéanann tú Teagmháil?**

I bhformhór na gcásanna, is iad ball foirne, mic léinn eile nó ball d'Aontas na Mac Léinn ar dtús ar a mbeidh imní faoi fheidhmiúlacht mic léinn chun freastal ar an Institiúid. Is é an duine is dóchúla go ndéanfaidh siad teagmháil leis an Duine Ábhartha ná teagascóir an[19] mhic léinn, ach féadfaidh baill foirne a bhaineann leis an gcúrsa freisin teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha. Úsáidtear an téarma seo mar go bhfuil daoine éagsúla

ann a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach agus gur gá ceadú dó sin leis an mbeartas.

D'fhéadfadh gurbh é an Duine Ábhartha an Ceannaire Cúrsa, Stiúrthóir

[19] Féach An Beartas um Chóras na dTeagascóirí agus An Nós Imeachta um Chóras na dTeagascóirí

[20] Féach ar Nósanna Imeachta Smachta i dtaobh Mac Léinn, an Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas an BeartasMeabhairshláinte

Socrúcháin/Intéirneachta, Ceann na Seirbhíse Sláinte, Ceann na Seirbhíse Comhairleachta , nó Ceann na Seirbhíse Míchumais, nó oifigigh Institiúide eile.

**Cé a Chinneann Cén Leibhéal a Bheidh i gCeist?**

Is gnách go ndéileáiltear le cásanna le Nós Imeachta Leibhéal 1 ar dtús. Mura n-éiríonn leis sin, cuireann an Duine Ábhartha an cás ar aghaidh go Stiúrthóir an Staidéir Fochéime nó Stiúrthóir an Staidéir Iarchéime (Leibhéal 2). Mura n-éiríonn leis sin cuireann Stiúrthóir an Staidéir Fochéime agus Stiúrthóir an Staidéir Iarchéime an cás ar aghaidh chuig an bPainéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh (Leibhéal 3), nó féadfaidh an mac léinn achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh Leibhéal 2 go Leibhéal 3.

I roinnt cásanna, féadfaidh an Cláraitheoir cás a chur ar aghaidh díreach go Leibhéal 2 nó 3 gan na Leibhéil roimhe sin a úsáid. Le haghaidh cásanna Ardriosca áit a gcuireann an mac léinn a sláinte nó sláinte daoine eile i mbaol is féidir na nósanna imeachta a bhrostú.

**Cé a Dhéanann na Cinntí?**

- Leibhéal 1: déanann an Duine Ábhartha a cinneadh agus aontaítear ar an bplean gníomhaíochta leis an mac léinn.
- Leibhéal 2: déanann an "Cinnteoir" (Déan) an cinneadh. Agus a gcinneadh á dhéanamh acu, cuirfidh siad san áireamh an t-eolas ábhartha go léir ón leibhéal roimhe sin, ionchur ón mac léinn agus, más cuí, moltaí on nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh.
- Leibhéal 3: déanann an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh an cinneadh. Agus a chinneadh á dhéanamh acu, tógfaidh an Painéal ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh san áireamh an t-eolas ábhartha go léir ón leibhéal roimhe sin, ionchur ón mac léinn agus, más cuí, moltaí on nGrúpa Comhairleach ar Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh.

**Cé is Féidir Leat a Thógáil in Éineacht Leat le haghaidh Tacaíochta?**

- Leibhéal 1: Is féidir le mic léinn fochéime tacaíocht a fháil óna dteagascóir. Is féidir le mic léinn fochéime tacaíocht a fháil ó chara nó ó bhall d'Aontas na Mac Léinn.
- Leibhéal 2 & 3: Is féidir le mic léinn fochéime tacaíocht a fháil óna dteagascóir nó

ó ionadaí eile dá rogha féin. Is féidir le mic léinn iarchéime tacaíocht a fháil ón tSeirbhís Chomhairleach do Mhic Léinn Iarchéime nó ó ionadaí eile dá rogha féin.

- Má tá cruinnithe duine le duine á lorg agat ag Leibhéal 2 nó má tá éisteacht á lorg agat ag Leibhéal 3 [21]ba cheart go mbeadh do theagascóir/do chomhairleoir iarchéime nó duine tacaíochta do mhic léinn in éineacht leat.

**Cén uair a bheidh an Toradh ar Eolas agat?**

Le haghaidh gach Leibhéil, seolfar na cinntí chuig an mac léinn agus[21] an teagascóir/an ionadaí i scríobh laistigh de dheich lá oibre ón gcinneadh a dhéanamh.

**Cad a Tharlóidh mura n-Aontaíonn tú leis an Toradh?**

Mura n-aontaíonn tú leis an toradh, is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gcéad Leibhéal eile. Mura n-aontaíonn tú le toradh Leibhéal 3, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh [22] chuig an mBord Rialaithe.

**Aitheantóir Beartais:**

[21] Féach Beartas um Chóras na dTeagascóirí agus an Beartas um Chóras na dTeagascóirí
[22] Féach an Cód Rialachais agus Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Bhord Rialaithe MIE

## Aguisín 4 Litir Dheimhniúcháin

INSTITIÚID OIDEACHAIS
MARINO
INSTITUTE OF EDUCATION
An Associated College of
Trinity College Dublin, the University of Dublin

**Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh – Litir Dheimhniúcháin**

Ba cheart go ndéanfaí Dochtúir Ginearálta, Comhairleoir nó Speisialtóir an fhoirm sin a chomhlánú. Iarrtar ort gach cuid thíos a chomhlánú ar bhealach chomh hiomlán agus chomh cruinn agus is féidir i mBLOCLITREACHA. Mínítear na codanna a bhfuil uimhir orthu sa treoir ag deireadh na cáipéise.

| | |
|---|---|
| Ainm, Teideal an GP/Chomhairleora/Speisialtóra: | |
| Uimhir Ghutháin Teagmhála: | |
| Ainm an Mhic Léinn: | |
| Dáta Breithe an Mhic Léinn: | |
| Riocht leighis/Diagnóis míchumais: | |
| | |
| Céad dáta na diagnóise[1]: | |

| | |
|---|---|
| Cathain a bhí coinne agat leis an mac léinn seo ar dtús maidir leis an bhfadhb reatha seo? | |
| Sonraigh le do thoil cé chomh minic is a chonaic tú an mac léinn seo le 12 mhí [3] anuas: | |
| Iarrtar ort aon chógas agus/nó cóireálacha a liostáil atá á dtógáil ag an mac léinn seo faoi láthair agus cé atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh orthu siúd? | |
| Dar leat féin an mbeidh sé riachtanach maoirseacht/monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar riocht an mhic léinn seo thar na 12 mhí atá le teacht? | ____Beidh ___Ní bheidh<br><br>Má d'fhreagair tú 'Beidh' thuas, cé chomh minic e.g.<br><br>___go seachtainiúil ___go coicísiúil -<br>___go míosúil<br><br>——gach 3 mhí ____gach 6 mhí |
| Cé a chuirfidh an mhaoirseacht sin ar fáil?[4] | |

| | |
|---|---|
| An bhfuil an mac léinn ag fáil aon tacaíochtaí breise? (Cuir tic le do thoil leis na cinn a bhaineann le hábhar) | ___Síciteiripe<br><br>___Teiripe ghairme<br><br>___Fisiteiripe<br><br>___Eile ________________________________ |

Tar éis duit éilimh shaol an choláiste a phlé leis an mac léinn, iarrtar ort na ceisteanna seo a leanas a

fhreagairt:

| | Sea | Ní hea | Eile (Soiléirigh thíos) |
|---|---|---|---|
| An bhfuil an mac léinn in ann cloí le gnáthamh agus féinchúram a láimhseáil? | | | |
| An bhfuil an mac léinn in ann na gnéithe acadúla de shaol an choláiste a láimhseáil? | | | |
| An bhfuil an mac léinn in ann na gnéithe sóisialta de shaol an choláiste a láimhseáil? | | | |
| An féidir leis an mac léinn maireachtáil go neamhspleách i gcóiríocht ar an gcampas[6] | | | |
| An bhfuil an mac léinn feidhmiúil do shocrúchán/d'intéireacht nó do shocrúchán malairte eachtraí? | | | |
| Dar leatsa, an bhfuil a duine seo feidhmiúil chun filleadh ar an staidéar? | | | |

Mura bhfuil siad feidhmiúil chun staidéar a dhéanamh, cén fáth nach bhfuil?

Tabhair cuntas ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an riocht leighis/míchumas ar fhoghlaim sa cholásite/ar fhreastal ar an gcoláiste.

Sonraigh an tionchar, más ann dó, ar ghníomhaíochtaí laethúla etc. Cuir aon trácht bhreise anseo.[7]

**Aitheantóir Beartais:**

Sínithe:

Dáta:

Stampa Oifigiúil

**Feidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh – Cáipéis Threorach ar Litir Dheimhniúcháin**

Treoir atá anseo dóibh siúd atá ag comhlánú Litir Dheimhniúcháin MIE le haghaidh Feidhmiúlachta chun Staidéar a Dhéanamh. Iarrtar ort ach cuid a chomhlánú i mBLOCLITREACHA.

Ní féidir mic léinn a lig dá gcuid ainmneacha imeacht ó na leabhair (nó "off books" mar is fearr aithne air sa Bhéarla) ar chúiseanna drochshláinte (míchumas leanúnach agus aitheanta san áireamh), a ghlacadh isteach arís, fiú sa bhliain reatha ach de réir rogha an Chláraitheora agus an Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla. Ceanglófar ar na mic léinn in litir dheimhniúcháin a chur isteach chuig Oifig an Chláraitheora ó mholtóir leighis mar fhianaise chun léiriú gur féidir leo leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir. Féadfaidh an Cláraitheoir comhairle a lorg ó Sheirbhís Sláinte na Mac Léinn nó Seirbhís Comhairleachta na hInstitiúide.

1. D'fhéadfadh go mbeadh dáta tosaigh na diagnóise tábhachtach ó thaobh cláraithe do shocruithe do na scrúduithe chomh maith le tuiscint na hInstitiúide maidir le cibé acu an fadhb bhuan nó diagnóis nua don mhac léinn atá i gceist.
2. D'fhéadfadh go mbeadh an phrognóis ina tosca tábhachtach maidir le meas cibé an ceart moladh don mhac léinn clárú le haghaidh tacaí ón tSeirbhís Mhíchumais ionas gur féidir freastal réasúnta a chur i bhfeidhm tar éis measúnaithe ar riachtanas agus tuairisc ar Mheasúnú ar Riachtanais Oideachais Fhoghlama (LENS)
3. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach féidir le MIE seirbhísí síciatracha nó comhairleachta meántéarmacha go fadtéarmacha a sholáthar do mhic léinn. Má mheasann tú go mbeidh maoirseacht/monatóireacht leanúnach nó tacaíocht shíceolaíoch/leighis leanúnach ag teastáil ón mac léinn, sonraigh le do thoil cé a bheidh freagrach as seo. Ní mór an mac léinn a atreorú chuig na tacaí sula bpléann siad leis an Institiúid arís. Ní mór minicíocht na gcoinní sin a shonrú chomh maith le cé atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh orthu.
4. Ba úsáideach don mhac léinn agus don Institiúid dá mbeadh duine seachtrach ainmnithe ar fáil a bheadh freagrach as cúram an mhic léinn ionas go bhféadfaimis idirchaidreamh a dhéanamh leis an duine sin i gcás go dtiocfadh imní chun cinn maidir leis an mac léinn.
5. Tuigeann an Institiúid nach bhfuil i mbrú acadúil ach ceann amháin de na fadhbanna a bhíonn ag na mic léinn go léir. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go measfaí go bhfuil mic léinn feidhmiúil chun staidéar a dhéanamh ach nach mbeidís in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta. Má tá an Institiúid ar an eolas faoi sin, is féidir plean cúraim ábhartha a chur i bhfeidhm don mhac léinn chun cinntiú go bhfuil an seans is fearr acu chun an téarma acadúil a chríochnú.
6. Tá dualgas cúraim ar an Institiúid do gach mac léinn agus ball foirne. Iarrtar ort é sin a choimeád i gcuimhne agus tú ag déanamh moltaí maidir le filleadh ar an gcampas nó ar chóiríocht campais.

7. Is tábhachtach aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an míchumas/an riocht ar fheidhmíocht nó fhreastal acadúil. Má tá an Institiúid ar an eolas faoi siúd, is féidir iad a thógáil san áireamh i dtuairisc LENS mic léinn.